

Plean Corparáideach 2026-2028



14 Eanáir 2026
(Leagan Giorraithe)

Clár ábhar

1.	Achoimre fheidhmeach.....	4
2.	Fís, Misean agus Ráiteas Luachanna	5
3.	Spriocanna straitéiseacha agus cuspóirí gnó 2026 - 2028.....	6
	(1) Ceannaireacht a dhéanamh ar obair agus comhpháirtíocht trasteorann chun cur chun cinn a dhéanamh ar bhia a tháirgeadh, a sholáthar agus a thomhailt ar bhealach níos sábháilte agus níos sláintiúla.....	7
	(2) A bheith ar an nguth iontaofa maidir le sábháilteacht bia agus le nósanna sláintiúla itheacháin do dhaoine ar fud oileán na hÉireann.	7
	(3) Feabhsú leanúnach a bhrú chun cinn trí úsáid a bhaint as an dea-chleachtas, as an nuálaíocht, as an teicneolaíocht, agus as forbairt foirne, agus an bonn fianaise a mhéadú.....	8
	Aguisín A: Cairt Eagraíochta.....	9
	Aguisín B: Léarscáil straitéise Safefood	10

1. Achoimre fheidhmeach

Ón mbliain 1999 i leith, tá Safefood ag obair ar fud oileán na hÉireann chun sábháilteacht bia a chur chun cinn agus chun comhairle iontaofa a sholáthar maidir le cothú agus le nósanna sláintiúla itheacháin, i gcomhréir lenár ról dlíthiúil. Dírímid ar an bpobal agus ar gach duine atá páirteach i mbia sábháilte a tháirgeadh agus a sholáthar. Is é ár misean sláinte an phobail a fheabhsú trí thacú le hathruithe dearfacha iompraíochta. Déanaimid cumarsáid ar bhealach atá soiléir agus dearfach agus atá bunaithe ar fhianaise láidir, rud a chabhraigh le Safefood ardleibhéal muiníne a thuilleamh ón bpobal go dtí seo. Thar na trí bliana romhainn, leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár gcuid oibre i gcomhréir le tosaíochtaí na hearnála poiblí, agus béim láidir á leagan ar nuálaíocht, ar chomhoibriú leis an bpobal agus ar scileanna don todhchaí a thógáil.

Bíonn córais bhia, teicneolaíochtaí bia agus stíleanna maireachtála bia ag athrú na dóighe a ndéantar bia a tháirgeadh agus a thomhailt. Bainfidh Safefood úsáid as uirlisí nuálacha agus as cineálacha cruthaithe cur chuige i leith iompraíochtaí a athrú chun tacú le roghanna bia níos sábháilte agus níos sláintiúla, agus comhairle shoiléir agus iontaofa á soláthar fós i dtimpeallacht dhigiteach ina mbíonn mífhaisnéis ina rud coitianta.

Tá comhpháirtíochtaí ina gcuid lárnach de rath Safefood. Oibrímid i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí sláinte, le rialálaithe, le taighdeoirí agus le heagraíochtaí pobail, lena n-áirítear trinár gclár um Thionscnaimh Bhia Pobail, a thacaíonn le roghanna níos sláintiúla i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Leis an bPlean Corparáideach seo don tréimhse 2026–2028, tógtar ar láidreachtaí Safefood agus áirítear forbairt Safefood 2036, ar plean 10 mbliana é chun bonn eolais a chur faoin straitéis amach anseo. Díríonn an plean ar thionchar a mhéadú, ar thacú le baill foirne, ar rialachas láidir a choinneáil, agus ar shláinte agus folláine a fheabhsú ar fud oileán na hÉireann.

An Dr Gary A. Kearney

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Safefood

2. Fís, Misean agus Ráiteas Luachanna

Ráiteas físe

Oileán ina mbíonn bia sábháilte, sláintiúil agus inbhuanaithe mar chuid de ghnáthshaol laethúil gach duine.

Ráiteas misin

Cabhrú le daoine cinntí bia atá sábháilte agus sláintiúil a dhéanamh.

Luachanna

Aithníonn Safefood gurb amhlaidh, chun a straitéis a chomhlíonadh, nach mór luachanna láidre a bheith ann a chuimsíonn fís agus ráitis mhisin na heagraíochta. Is luachanna bunúsacha iad sin agus cuireann siad taca faoin gcultúr foriomlán atá ag croílár na heagraíochta. Is é atá i gceist lenár Luachanna:

Meas – Is mór againn gach duine laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di araon a chuireann am isteach, a chuireann tuairimí in iúl agus a dhéanann rannchuidiú ar mhaithe lenár straitéis a bhaint amach.

Ionracas – Táimid paiseanta faoi obair ar mhaithe leis an maith choiteann. Déanaimid na nithe cearta, agus cur chuige fianaisebhunaithe taobh thiar dár gcuid oibre.

Tionchar – Déanaimid na nithe cearta agus déanaimid nithe i gceart. Táimid paiseanta faoinár gcuid oibre a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde agus bainimid leas as an dea-chleachtas agus ár bhfeidhmíocht á tomhas.

Comhpháirtíocht – Is grúpa éagsúil gairmithe sinn, a bhaineann torthaí níos fearr amach nuair a oibrímid le chéile agus le daoine eile ar oileán na hÉireann lena gcomhroinnimid spriocanna coiteanna.

Dírthe ar an duine – Cuirimid an tuiscint ar ár spriocphobal ag croílár ár gcuid oibre agus féachaimid le tacaíocht agus cumhacht a thabhairt dó.

Nuálaíocht – Spreagaimid ár bhfoireann chun smaointe nua agus bealaí oibre nua a thabhairt isteach inár ngníomhaíochtaí i gcónaí agus tacaímid le cultúr nuálaíochta san eagraíocht.

3. Spriocanna straitéiseacha agus cuspóirí gnó 2026 - 2028

Leagtar amach san Achoimre Fheidhmeach seo na príomhdhúshláin a bhaineann le sábháilteacht bia, le cothú, le cumarsáid agus le hoibriúchán a dtabharfaidh Safefood aghaidh orthu sa chéad Phlean Corparáideach eile uaidh. Tá athruithe sóisialta tapa agus éiginnteacht dhomhanda tar éis an timpeallacht bia a dhéanamh níos casta, agus difear á dhéanamh don bhia atá ar fáil agus don dóigh a ndéantar é a cheannach, a ullmhú agus a ithe.

Ós rud é go bhfuil breis agus 26 bliana de thaithí ar chur chun cinn na sláinte poiblí aige, tá Safefood i riocht maith chun treoir shoiléir, iontaofa agus fhianaisebhunaithe a sholáthar don phobal agus do ghnólachtaí beaga bia. Tá muintir agus timpeallacht bia oileán na hÉireann fós ina gcuid lárnach dár gcuid oibre. Bainfidimid úsáid as cineálacha cur chuige i leith iompraíochtaí a athrú chun cabhrú le daoine roghanna bia atá níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a dhéanamh, agus tacóimid le gnólachtaí bia an rud céanna a dhéanamh.

Glacfaidh Safefood cur chuige córais uile agus cinnteoidh sé go gcabhróidh an pobal lenár gcuid oibre a mhúnlú. Bainfidimid úsáid as taighde, as tástáil spriocphobal agus as eolaíocht athraithe iompraíochta ar fud na pleanála agus na measúnachta. Beidh sé ríthábhachtach teachtaireachtaí a chruthú i gcomhar le spriocphobail chun go n-éireoidh leo, á chinntiú go léireoidh cumarsáidí an fíorshaol agus na rudaí is tábhachtaí do dhaoine faoi bhia.

Déanann daoine roghanna bia níos fearr nuair a thacaíonn a dtimpeallacht leo. Leanfaidh Safefood de phríomhchleachtais sláinteachais bia a chur chun cinn sa bhaile agus i ngnólachtaí bia, agus tacóidh sé le gníomhartha a fhágann gurb í an rogha is sláintiúla an rogha is fusa i ngnáthshuíomhanna laethúla.

Déanfaimid é sin a chur i gcrích trí fhaisnéis don phobal, trí fheachtais, trí thaighde agus trí ionchur beartais sa dá dhlínse. Beimid san airdeall freisin ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, amhail athruithe rialála, costais bhia a bhíonn ag ardú, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, rioscaí éillithe bia, agus an t-athrú aeráide.

Oibríonn Safefood laistigh de chóras casta bia agus uasmhéadaíonn sé tionchar trí chomhpháirtíochtaí láidre ar fud oileán na hÉireann. Tá obair chomhpháirtíochta fós ina cuid lárnach dár sainordú, agus leanfaimid de líonraí agus comhoibrithe foirmiúla a neartú.

Tá an Plean Corparáideach seo don tréimhse 2026–2028 ag teacht le tosaíochtaí na Ranna urraíochta agus leagtar díriú ann ar shábháilteacht bia, ar rochtain shláintiúil agus inbhuanaithe ar bhia, agus ar bhochtaineacht bia, agus aitheantas á thabhairt aige do na difríochtaí idir na dlínsí. Leagfar amach i bPleananna Gnó Bliantúla gníomhartha mionsonraithe agus spriocanna mionsonraithe.

Sna blianta 2026-2028, is iad seo a leanas ár bPríomhchuspóirí Straitéiseacha:

(1) Ceannaireacht a dhéanamh ar obair agus comhpháirtíocht trasteorann chun cur chun cinn a dhéanamh ar bhia a tháirgeadh, a sholáthar agus a thomhailt ar bhealach níos sábháilte agus níos sláintiúla.

- Obair i gcomhar le comhpháirtithe sláinte poiblí chun tacú le roghanna bia atá níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe.
- Feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna bia atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn trí fhoghlaim chomhpháirteach agus trí chlár chomhpháirteacha.
- Tacú le grúpaí leochaileacha trí threoir phraiticiúil maidir le sábháilteacht bia agus le cothú a thabhairt dóibh.
- A chinntiú go mbíonn cumarsáidí inrochtana agus go gcuirtear neamhionannais sláinte san áireamh iontu.
- Caidrimh láidre a thógáil ar fud na hearnála bia chun an tionchar a mhéadú.

(2) A bheith ar an nguth iontaofa maidir le sábháilteacht bia agus le nósanna sláintiúla itheacháin do dhaoine ar fud oileán na hÉireann.

- Feabhas a chur ar an tuiscint ar shábháilteacht bia agus ar nósanna sláintiúla itheacháin i measc an phobail agus i measc gairmithe.
- Cabhrú le daoine a mbealach a dhéanamh trí thimpeallacht chasta bia go muiníneach.
- Taighde iontaofa ar shábháilteacht bia agus ar chothú a chomhroinnt leis an lucht tionscail agus le gairmithe.
- Treorú a dhéanamh ar an dea-chleachtas sa chumarsáid sláinte poiblí.
- Ionadaíocht a dhéanamh d'ábhair imní an phobail, athruithe sa tionscal a spreagadh, agus bonn eolais a chur faoin mbeartas trí fhianaise agus trí chomhpháirtíochtaí.


(3) Feabhsú leanúnach a bhrú chun cinn trí úsáid a bhaint as an dea-chleachtas, as an nuálaíocht, as an teicneolaíocht, agus as forbairt foirne, agus an bonn fianaise a mhéadú.

- Úsáid a bhaint as fianaise eolaíoch láidir chun tacú le hathruithe iompraíochta.
- Modhanna cumarsáide sonraíbhunaithe agus dea-chleachtais a úsáid.
- Treochtaí poiblí a rianú chun bonn eolais a chur faoi idirghabhálacha.
- Tacú leis an nuálaíocht, le forbairt foirne agus le luach ar airgead.
- Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí iomchuí sa teicneolaíocht agus san intleacht shaorga.

Tá na Príomhchuspóirí Straitéiseacha sin ag teacht go dlúth lenár Ráiteas Misin:

Tá Plean Corparáideach Safefood 2026–2028 bunaithe ar níos mó ná 26 bliana d'obair i gcomhpháirt ar fud oileán na hÉireann. Mar chomhlacht poiblí Thuaidh/Theas, táimid tiomanta do chomhionannas deiseanna agus don ionchuimsiú, lena n-áirítear do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Is é ár ndíriú a chinntiú go mbíonn ár gcuid oibre ábhartha agus éifeachtach agus go bhfeabhsaíonn sí sláinte agus folláine an phobail.

Aguisín A: Cairt Eagraíochta



Aguisín B: Léarscáil straitéise Safefood

<p>Ár Misean: Cabhrú le daoine cinní bia atá sábháilte agus sláintiúil a dhéanamh, ar cinní iad lena dtacaítear le folláine agus lena neartaítear an tsláinte phoiblí.</p> <p>Ár bhFís: Oileán ina mbíonn bia sábháilte, sláintiúil agus inbhuanaithe mar chuid de ghnáthshaol laethúil gach duine.</p>	
<p>Na nithe is gá dúinn a dhéanamh go maith (ár bpríomhspríocanna inghnóthaithe)</p> <ul style="list-style-type: none"> • CD1: Cur le hábharthacht Safefood agus leis an bpróifíl agus an dea-chlú atá air mar chomhpháirtí gnó iontaofa a thacaíonn le hobair chomhoibríoch agus a chuireann luach leis • CD2: Úsáid a bhaint as fianaise ábhartha chun forbairt beartais a chur chun cinn agus chun dearadh agus cur i gcrích a dhéanamh ar fheachtais ilmheán, cláir agus tionscnaimh eile a thacaíonn le gnólachtaí bia, le pobail agus leis an bpobal i gcoitinne roghanna bia níos sláintiúla a dhéanamh • CD3: Cleachtais sábháilteachta bia agus forbairt beartais a chur chun cinn ar fud an bhiashlabhra 	<p>Luach ar Airgead a Sholáthar</p> <ul style="list-style-type: none"> • VFM1: Ár mbuiséad a chothromú • VFM2: An soláthar is fearr a chinntiú • VFM3: Ár dtionscadail agus ár gcláir a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun a chinntiú go mbainfear buntáistí amach • VFM4: Ceanglais chuntasachta a chomhlíonadh
<p>Na nithe a chabhróidh linn é sin a dhéanamh (tosca cumasúcháin)</p> <ul style="list-style-type: none"> • EF1: Ár bhfeidhmeanna tacaíochta a bharrfheabhsú • EF2: Comhpháirtíochtaí nua a thógáil agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana a neartú • EF3: Taighde agus sonraí ardchaighdeáin a choimisiúnú, a anailísiú, a bhailiú agus a chomhroinnt • EF4: Úsáid a bhaint as taighde ardchaighdeáin agus as sonraí ardchaighdeáin chun forbairt beartais, réitigh phraiticiúla agus comhairle shoiléir a chur chun cinn agus chun tacú leis an bpobal agus le gnólachtaí bia roghanna bia níos fearr a dhéanamh 	
<p>Conas a dhéanfaimid ár n-acmhainní a ailíniú</p> <ul style="list-style-type: none"> • R1: Beidh ár bhfoireann gafa agus spreagtha agus feidhmíonn siad ar ardleibhéal • R2: Tuigfidh ár mbaill foirne a rannchuidiú • R3: Bainfimid úsáid as oiliúint agus as teicneolaíocht chun tacú lenár mbaill foirne obair ar bhealach níos nuálaí, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla 	
<p>Ár Luachanna: Meas – Ionracas – Tionchar – Comhpháirtíocht – Dírithe ar an Duine – Nuálaíocht</p>	

